Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10752/26**
**ADD 2**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0359 (COD)**

**CODEC 1236**
**SIMPL 150**
**ANTICI 156**
**DATAPROTECT 210**
**CYBER 304**
**TELECOM 329**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2023/1230 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Ráiteas |

**D'iarr an Ghréig go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Síneadh a chur leis an oibleagáid – Airteagal 111 (mír 4 nua) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga – OMNIBUS DIGITEACH MAIDIR LEIS AN INTLEACHT SHAORGA – 2025/0359(COD)/PE-CONS 30/26

Is díol sásaimh don Ghréig an dul chun cinn suntasach a rinneadh maidir leis an 'Omnibus Digiteach maidir leis an Intleacht Shaorga' trí phlé cuiditheach, ar leibhéal na mBallstát i dtionól na Comhairle agus sna cruinnithe tríthaobhacha le Parlaimint na hEorpa araon. Athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú agus cosaint chearta bunúsacha shaoránaigh na hEorpa – cothromaíocht a bhaintear amach leis an téacs comhréitigh seo, lena dtacaímid dá bhrí sin. Ba mhaith linn freisin ár mbuíochas ó chroí a ghabháil le hUachtaránacht na Cipire, a chuir a hiarrachtaí agus a treoir ar ár gcumas teacht ar an téacs comhréitigh seo go tapa agus go cinntitheach.

Mar sin féin, ba mhaith linn a athdhearbhú go bhfuilimid an-mhíshásta leis an tréimhse chairde 4 mhí chun ábhar arna ghiniúint ag an intleacht shaorga a lipéadú (Airteagal 111(4), arna leasú). Ba cheart a mheabhrú, le linn an phlé ar leibhéal na Comhairle maidir leis an sainordú caibidlíochta, gur thíolaic an Ghréig ráiteas maidir leis an ábhar sin, inar iarradh nach ndeonófaí aon síneadh.

Tá an Ghréig fós den tuairim gur oibleagáid ríthábhachtach é sin, a bhfuil baint dhíreach aige leis an muinín as faisnéis agus le cosaint an phróisis dhaonlathaigh, agus dá bhrí sin, cuirimid in iúl gur oth linn gur cuireadh an oibleagáid sin siar.